# Beatha agus Oidhreacht Cholm Cille

## Pacáiste Oideachais



Arna chruthú ag Abarta Heritage do Cartlann Chontae Dhún na nGall, Chomhairle Contae Dhún na nGall

# Buíochas

Is é Oidhreacht Abarta a d'fhoilsigh an áis oideachais seo thar ceann Sheirbhís Chartlann Chomhairle Contae Dhún na nGall le comóradh a dhéanamh ar chuimhneachán 1,500 bliain bhreith Cholm Cille.

Is é Oidhreacht Abarta a rinne taighde don leabhar, a d'fhoilsigh agus a dhear é. Táimid buíoch de gach duine a rinne athbhreithniú ar dhréachtaí an leabhráin agus a thug aiseolas orthu. Táimid buíoch fosta de bhaill Ghrúpa Stíúrtha Cholm Cille 1500 agus Leabharlann Chontae Chomhairle Contae na Mí.

Táimid buíoch fosta de Bhord Choláiste na Tríonóide, Bailiúchán Bodleian agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann as cead a thabhairt cóipeanna d'íomhánna óna mbailiúcháin a dhéanamh.

Mhaoinigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Éire Ildánach an tionscadal seo.

ISBN No. 978-1-9993779-0-8

© Arna fhoilsiú ag Comhairle Contae Dhún na nGall, 2021

Gach ceart ar cosnamh.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a tharchur ar aon mhodh na slí, gan cead scríofa ón bhfoilsitheoir.

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Colm Cille 1500 521 - 2021

DÚN NA nGALL
TÁ SÉ IN ÁR DNA

comhairle chontae na mí
*meath county council*

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022


ABARTA HERITAGE


# CLÁR


Leathanach 1: Éire roimh Cholm Cille.
Leathanach 2: Intreoir do Cholm Cille
Leathanach 3: Oideachas Cholm Cille
Leathanach 4: Céad-Eaglais Cholm Cille
Leathanach 5: Eaglaisí Cholm Cille ar fud na hÉireann
Leathanach 6: Cad é an sórt saoil atá ag manach?
Leathanach 7: Cad iad na foirgnimh a bhí i mainistir?
Leathanach 8: Teach Screaptra
Leathanach 9: Leabhar Cheanannais
Leathanach 10: Gleann Cholm Cille
Leathanach 11: Toraigh
Leathanach 12: Leabhar Goidte
Leathanach 13: Cath Chúl Dreimhne
Leathanach 14: Ag imeacht as Éirinn le dul go hOileán Í
Leathanach 15: Ag teacht i dtír in Oileán Í
Leathanach 16: Ag tiontú Chruithnigh na hAlban
Leathanach 17: Ag filleadh go hÉirinn
Leathanach 18: Bás Cholm Cille
Leathanach 19: Colm Cille i ndiaidh a bháis
Leathanach 20: Oidhreacht Cholm Cille
Leathanach 21: Oidhreacht – Logainmneacha i nDoire agus i nDún na nGall
Leathanach 22: Oidhreacht – Lá Fhéile Cholm Cille agus Turas Cholm Cille
Leathanach 23: Oidhreacht – Lá Fhéile Cholm Cille agus Turas Cholm Cille
Leathanach 24: Éire i ndiaidh Cholm Cille
Leathanach 25: Áiseanna Breise

# Leathanach 1: Éire roimh Cholm Cille

| | |
|---|---|
| 8,000 RCh | Méisiliteach: Tagann na chéad daoine go hÉirinn. |
| 4,000 RCh | Neoiliteach: Tosaítear an fheirmeoireacht. |
| 3,200 RCh | Déantar tuama pasáiste Shí an Bhrú. |
| 2,500 RCh | Tugtar an cumas cré -umha a dhéanamh go hÉirinn. |
| | Déantar cuasghreantaí Leac na Cumha. |
| | Is tír phágánach Éire ina bhfuil mórán ríochtaí. |
| AD 0 | Tagann Íosa ar an tsaol. |
| | Sclábhaithe, feirmeoirí agus laochra ina gcónaí i mbotháin adhmaid. |
| 432 | Tugtar Naomh Pádraig go hÉirinn. |
| 492 | Faigheann Naomh Pádraig bás. |
| | Níl ann ach roinnt eaglaisí beaga in Éirinn. |
| 520 | Tagann Colm Cille ar an tsaol. |












# Leathanach 2: Intreoir do Cholm Cille



A bhuachaillí agus a chailíní, fáilte go leabhar oibre Bheatha agus Oidhreacht Cholm Cille áit a bhfoghlaimeoidh tú gach rud faoi dhuine de thrí éarlamh na hÉireann - fúmsa!

Is iomaí ainm orm, mar shampla Naomh Columba nó Colm Cille, ach is é Criomhthann m'fhíorainm a chiallaíonn 'sionnach' nó 'duine fealltach' sa Ghaeilge. Ní ainm ródheas é, mar sin chuir Dia uaidh a chuid aingeal le hinsint do mo chairde Colm Cille a thabhairt orm, a chiallaíonn 'colm an tséipéil'. Tugtar Columba orm fosta, an focal Laidine ar cholm.



Seasann coilm do shíocháin, grá agus an Spiorad Naomh sa Chríostaíocht.

Rugadh i nGartán mé, Contae Dhún na nGall ar ar an 7 Nollaig AD 520 nó b'fhéidir ar an 7 Nollaig AD 521? Déanta na fírinne, níl a fhios agam, tharla sé corradh le 1,500 bliain ó shin!

Ba iad Feidhlimidh agus Eithne mo thuismitheoirí; sliocht ríochas na hÉireann a bhi iontu. Bhi saol breá compordach agam agus dhéanfaí prionsa díom ach gur mhothaigh mé glaoch ó Dhia. Bhí mé ag iarraidh briathar Dé agus iontas na Críostaíochta a chraobhscaoileadh agus Págánaigh na hÉireann a threorú isteach i solas Dé.



Creidtear gur shíolraigh athair Cholm Cille ó Niall Noígíallach, an fear a thug leis Pádraig go hÉirinn.



## Leathanach 3: Oideachas Cholm Cille

Bhaist sagart darbh ainm Cruithneachán mé i dTulach Dhúghlais, Contae Dhún na nGall. Eisean a bhí ina athair altrama agam ina dhiaidh sin agus a theagasc gach rud faoin Chríostaíocht dom. Theagasc sé dom go raibh sé tábhachtach coiscéimeanna Dé a leanúint i mo shaol agus i mo bhearta agus gur chóir dom gach duine a threorú isteach i solas Dé.



Mainistir Chill Mhic Réanáin – creidtear gur anseo a d'fhás Colm Cille aníos.

Nuair a bhí mé ní ba shine, bhog  mé go Maigh Bhile i gContae an Dúin le staidéar a dhéanamh ar an Chríostaíocht i gcuideachta Naomh Finnian. Ina dhiaidh sin, chuaigh mé go scoil chlúiteach Chríostaí i gCluain Ioraird, Contae na Mí, an áit ar teagascadh domsa ( i gcuideachta cuid mhór daltaí eile). Ansin, chuaigh mé féin agus roinnt cairde de mo chuid go Glas Naíon, Baile Átha Cliath le foghlaim ó Naomh Móibhí an chlú mhóir.



Nuair a rinne Colm Cille staidéar ar Oileáin Árann tharla easaontas idir é féin agus Naomh Éanna. Chuir sé a mhallacht ar na hoileáin le nach mbeadh brosna ar bith le fáil ann. B'éigean do mhuintir na háite aoileach tirim bó a úsáid dá dtinte ina áit.


Ar an drochuair, níorbh fhéidir liom fanacht i bhfad mar gur tháinig plá mhillteanach. Mar gheall uirthi d'at daoine agus dúirt siad rudaí fíoraisteacha. Ní thiocfadh le rud ar bith deireadh a chur leis an phlá; thug sí bas ár sármhúinteora féin.

**Ina dhiaidh sin, thosaigh mé ag dul ó áit go háit ag craobhscaoileadh bhriathar Dé !**

# LEATHANACH 4: CÉADEAGLAIS CHOLM CILLE

Thóg me mo chéad eaglais nuair a bhí mé 25 bliain d’aois.

Thug mo chol ceathrair, an Rí Aodh Mac Ainmhireach doire álainn dom a bhí aige san áit a dtugtar Contae Dhoire air anois. Bhí mo chroí istigh sna seanchrainn darach agus dhiúltaigh mé iad a bhaint, ach b’éigean dom an áit a ghlanadh, mar sin las mé tine bheag. Ar an drochuair chuaigh sé as smacht, ach dúirt mé paidir agus sábháladh na crainn ghalánta s’agam.





Tá baint idir duilleoga darach agus Colm Cille.

Mheall an eaglais bheag umhal seo cuid mhór daoine isteach sa cheantar. Rinne siad cónaí ann, agus le himeacht ama thóg siad cathair álainn. Tugtar naomhphátrún Dhoire orm anois.




Eaglais Naomh Agaistín, Doire.
Deirtear gur ar an tsuíomh seo a bhí céadeaglais Cholm Cille.

# LEATHANACH 5:
# EAGLAISÍ CHOLM CILLE AR FUD NA HÉIREANN

D'éirigh chomh maith sin le mo chéad eaglais i nDoire gur shocraigh mé go dtógfainn eaglaisí ar fud na hÉireann. I ndiaidh mo bháis, thóg mo lucht leanúna tuilleadh eaglaisí agus d'ainmnigh siad asamsa iad.

Amharc ar mo léarscáil go bhfeicfidh tú na háiteanna ina raibh mé. Shiúil mé ar fud na tíre go háiteanna chomh fada óna chéile le Toraigh agus Darú, rud a ghlac i bhfad níos mó ama ná a ghlacfadh inniu. Cuimhnigh nach raibh carranna againn san am sin.



# LEATHANACH 6:
# CAD É AN SÓRT SAOIL ATÁ AG MANACH?

D’inis mé gach rud faoi mo chuid eaglaisí agus mainistreacha ar fud na hÉireann duit, ach tá mé cinnte go bhfuil tú ag iarraidh foghlaim faoi shaol an mhanaigh?

Bhí obair chrua mhaslach ann. D’oibrímis ar feadh an lae ag feirmeoreacht sna páirceanna, dhéanaimis rudaí sna ceardlanna nó scríobhaimis sa teach sceaptra agus ní stadfaimis ach le hithe agus le hurnaí a dhéanamh.

Níor thug na manaigh isteach do shaol bog compordach. Is minic a chodlaíodh Colm Cille ar leaba chloiche agus cloch eile aige mar cheannadhairt!



D’ithimis brachán tanaí go minic darbh ainm praiseach sa mhainistir. D’éirigh linn ár nglasraí féin a fhás sa ghairdín cé nach raibh prátaí againn, níor tugadh go hÉirinn iad go dtí na 1500idí.



Théimis ar Aifreann ar a laghad cúig huaire sa lá, d’éirímis le linn na hoíche d’urnaí, agus thugaimis móid chiúnais a mhairfeadh roinnt laethanta uaireanta! In amanna dhéanainn dearmad cad leis a raibh mo ghuth cosúil.

Nuair a chuaigh mé isteach sa mhainistir, tugadh stíl fhaiseanta ghruaige dom darbh ainm corann. B’éigean dom ionar garbh bán a chaitheamh le clóca darbh ainm casula le mé a choinneáil te tirim.

Le bheith i do mhanach, caithfidh tú:

- A bheith i do bhuachaill (thiocfadh le cailíní a bheith ina mná rialta)
- Grá a bheith agat do Dhia
- Dúil a bheith agat san fhoghlaim
- Dúil a bheith agat in obair chrua (tá an ceann seo iontach tábhachtach)


# LEATHANACH 7: CAD IAD NA FOIRGNIMH A BHÍ I MAINISTIR?

Le mo linn, is foirgnimh bheaga adhmaid a bhí i mainistreacha agus eaglaisí, gan iad cosúil leis na hArdeaglaisí ollmhóra atá againn sa lá atá inniu ann. Tá ceann de na mainistreacha s'agam le feiceáil thíos:

Ba í an **Eaglais** an foirgneamh ba thábhachtaí, an áit a dtéimis ar aifreann cúig huaire sa lá! **Ecclesia** an t-ainm a bhí againn air sin sa Laidin.

Bhí bruach thart ar an talamh timpeall na heaglaise darbh ainm **Vallum.**

Bhí cuid mhór **Ceardlann** agus foirgnimh **Feirme** ann fosta



Sa **Teach Screaptra** a scríobhaimis ár leabhair féin.

Chodlaímis agus dhéanaimis staidéar sna **Cealla** a bhí rud beag cosúil le do sheomra leapa gan na bréagain agus na póstaeir uilig.

Bhí **Teach aíochta** againn fosta do na cuairteoirí tuirseacha a thagadh ar cuairt chugainn.

Timpeall na bhfoirgneamh uilig eile seo bhí an dara **Vallum.**


Bhí dúil ag teaghlaigh cónaí a dhéanamh cóngarach dúinn le cuidiú linn lenár gcuid oibre. Bhí siad ina gcónaí sa tríú **Vallum**.

# LEATHANACH 8: TEACH SCREAPTRA




Ba é an teach sceaptra an áit ab fhearr liom sa mhainistir. Ba sheomra suaimhneach é ina gcleachtainn callagrafaíocht.

a b c d e f



Ba ghnách linn fosta líníochtaí áille a dhéanamh d'ainmhithe nó snaidhmeanna deacra a dtugtar crosfhí orthu dár gcuid leabhar. Bíonn sé deacair ag cuid mhór daoine crosfhí a chruthú, ach tá cleas ag baint leis, is é an rún atá ann na poncanna a sheachaint!




Céim 1 Céim 2 Céim 3

Ní raibh páipéar againn, níor tugadh sin ón Eoraip go ceann 600 bliain eile, mar sin de ba ghnách linn scríobh ar veilleam, seithe lao. Dhéanaimis ár bpéint féin ag baint úsáid as clocha, bláthanna agus fiú fungas.

An raibh a fhios agat gur baineadh úsáid as seithí 600 lao leis an veilleam a dhéanamh do Leabhar Cheanannais?



# LEATHANACH 9: LEABHAR CHEANANNAIS

Beagnach 200 bliain i ndiaidh mo bháis, chruthaigh mo lucht leanúna Leabhar álainn Dharú agus Leabhar Cheannanais ina dtithe screaptra.

I Laidin a scríobhadh na leabhair sin agus is iontu atá na ceithre shoiscéal – Matha, Marcas, Lúcás agus Eoin. Maisíodh go gleoite iad agus bhaintí úsáid astu ar ócáidí speisialta, amhail an Cháisc, an Nollaig, agus lá fhéile s'agam féin ( 9 Meitheamh)



Teach Cholm Cille, Ceanannas, Co. na Mí.



As mainistir Cheannanais i gContae na Mí a ainmníodh Leabhar Cheanannais ach tugtar soiscéal mór Cholm Cille air chomh maith.


Tá Leabhar Cheanannais ar na seoda meánaoiseacha is clúití sa domhan. Is iad mo chuid manach a rinne é thart ar AD 800 ar Oileán Í. Rinne Lochlannaigh ionsaí ar Oileán Í, áfach, ghoid siad ár seoda agus rinne siad sléacht ar mo chuid manach.



D'fhág na daoine a tháinig slán agus bhog siad go sábháilteacht Cheanannais i gcontae na Mí leis an leabhar luachmhar seo.

Sliocht as Leabhar Cheanannais (le caoinchead Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath)

# LEATHANACH 10: GLEANN CHOLM CILLE



Ar scor ar bith, ar ais chuig na sáreachtraí s'agam. Ar inis mé duit gur thug aingil cuairt orm gur thug siad rabhadh dom go raibh deamhain uafásacha i gcontae Dhún na nGall?

Chruthaigh na deamhain ceo chomh tiubh sin nárbh fhéidir feiceáil tríd agus bhrúcht abhainn ina sruth tine aníos gur mharaigh duine ar bith a thrasnaigh í.

Bhí mise agus mo chairde ag iarraidh iad a chloí, mar sin champáil muid le taobh na habhann le plean a cheapadh.

Go tobann, chaith an diabhal sleá linn. Mharaigh sin mo shearbhónta, Cearc, rud a chuir fearg orm.

Tharraing mé an tsleá as Cearc agus chaith ar ais leis an diabhal é! Ina dhiaidh sin bheannaigh mé an abhainn le go dtiocfadh liom féin agus mo chairde í a thrasnú..

Go tobann nocht aingeal agus cloch ghlas leis. Dúirt sé liom an chloch agus mo chloigín naofa a chaitheamh leis na deamhain.

Nuair a bhí sin déanta agam, d'imigh an ceo, agus theith na deamhain go dtí an tAigéan Atlantach go ndeachaigh siad i bhfolach ar oileán. Ach d'ordaigh mé dóibh tiontú ina n-iasc san fharraige agus gan tuilleadh dochair a dhéanamh.

Le nach n-íosfadh daoine an deamhaniasc, d'fhág mé dearg agus dall iad i súil amháin

**Mar sin de ná hith deamhaniasc dearg agus dall in am ar bith do do dhinnéar!**

# LEATHANACH 11: TORAIGH



Lá amháin dhreap mise agus triúr cairde de mo chuid – Naomh Fionán, Naomh Dubhthach agus Naomh Beigbhile - cnoc ard darb ainm Cnoc na Naomh. Bhí radharc galánta againn ar Thoraigh agus bhí gach duine againn ag iarraidh a mhuintir a thiontú ina gCríostaithe.

Chaith muid ár gcroisíní i dtreo an oileáin. Chaith mise mo cheannsa chomh crua sin go ndearna sé poll ar an oileán. Buíochas do Dhia nár ghortaigh mo chroisín iascaire ná feirmeoir ar bith! Níor bhuail croisíní mo chairde Toraigh agus mar sin fágadh agamsa é lena thiontú.

Ar an drochuair, ní raibh Ailill a bhí i gceannas an oileáin ag iarraidh a bheith ina Chríostaí agus dhiúltaigh sé talamh ar bith a thabhairt dom le heaglais a dhéanamh air. D'iarr mé píosa talaimh, go díreach leithead mo chlóca. Thoiligh Ailill, ach bhuail mé bob air, agus trí mhíorúilt d'fhás mo chlóca gur chlúdaigh sé an t-oileán.

Bhí Ailill chomh feargach liom gur dhreasaigh sé a chú nimhe liom. I bhfaiteadh na súl ghearr mé comhartha na croise, rud a thug ar an chú mharfach léim san fharraige leis an bheannú a sheachaint. Ar a fheiceáil sin d'Ailill chuaigh sé ar a dhá ghlúin agus thiontaigh sé ina Chríostaí. Bhronn sé an t-oileán orm, agus is ansin a rinne mé mainistir eile.



Tá lorg lapa an chú le feiceáil ar an oileán go fóill san áit ar léim sé isteach san fharraige, áit ar a dtugtar Cloch an Chú.



# LEATHANACH 12: LEABHAR GOIDTE


Cuimhnigh gur inis mé duit go raibh mé an-tugtha don scríbhneoireacht agus do bheith sa teach screaptra?
Bhuel, d'fhág sin i dtrioblóid mé.



Nuair a bhí mé ar cuairt ag seanchara de mo chuid, Naomh Finnian Mhaigh Bhile, chonaic mé an tsaltair ghleoite a bhí aige, bhí mé á hiarraidh agus mar sin rinne mé cóip di faoi rún an oíche sin.



Is é is saltair ann leabhar ina bhfuil sailm ón tSean-Tiomna. Is paidreacha iad na sailm is féidir a cheol do Dhia.



Bhí Finnian chomh feargach sin nuair a fuair sé amach gur ordaigh sé dom mo chóip dá leabhar a thabhairt ar ais dó! Dhiúltaigh mé agus thug chuig Diarmait Mac Cearúill, Ardrí na hÉireann, é le go ndéanfadh sé cinneadh. Nár luaigh mé fosta gurbh é Diarmait mo chol ceathrair, agus ar an ábhar sin bhí mé an-mhuiníneach go mbainfinn an cás

Baineadh stangadh asam nuair a dúirt an Rí Diarmait:
***'is le gach bó a lao agus is le gach leabhar a chóip'***

Ciallaíonn sin mar gur lena mháthair an lao, gur lena úinéir mo chóip – leabhar Fhinnian. Chuir an toradh samhnas orm. Ar a bharr sin, chuir an Rí Diarmait tuilleadh feirge orm, nuair a mharaigh sé prionsa de chuid Chonnacht a bhí faoi mo chosaint.

**BHEADH COGADH DÁ BHARR!**




# LEATHANACH 13: CATH CHÚL DREIMHNE

Chuaigh mé chuig mo cheantar dúchais Tír Chonaill agus Doire agus d'iarr mé ar mo lucht tacaíochta agus ar mo chlann cogadh a chur ar mo chol ceathrair, an rí fealltach Diarmait. Thoiligh siad, agus mháirseáil muid in araicis an Rí Diarmait ag Cúl Dreimhne, i gContae Shligigh (cóngarach do Dhroim Chliabh).

Bhí an cath fuilteach. Nuair a bhí an troid thart, bhí an bua ag mo thaobhsa ach ba dhaor a cheannaigh muid é. Bhí corradh le 3,000 duine marbh, agus bhí mé anois ag smaoineamh gur ormsa a bhí an locht.

Ní raibh manaigh eile na hÉireann sásta liom. Ba é an dualgas s'againn a bheith síochánta, grá a thabhairt don chomharsa, gan cogadh a fhógairt. Bhí go leor acu ag iarraidh go ndéanfaí mé a choinnealbhá (rud a chiallaíonn nach dtiocfadh liom a bheith páirteach san eaglais ná dul chun na bhflaitheas)! Ba mheasa an chinniúint sin ná an bás, ach de bharr ar an ádh níor tharla sin.


Mallaċt Colm Cille ar an Maolruaiḋ

In-aimsir Colm Cille ḃí iascairí ag iascaireaċt bradán ar Cuan na Maolruaiḋe. Ins an am sin ní raiḃ áit ar biṫ ṫart fá Cósta Tír Conaill níos fearr fá ċoinne bradán. Nuair a ḃí na h-iascairí ag teaċt 'na baile agus mála mór bradán leo ċé casaḋ orra aċ Colm Cille é féin. Ċuir na h-iascairí na bradáin i bfolaċ mo ḃí fios acu go mbéaḋ Colm Cille ag iarraiḋ ceann.

Ċeannuiġ na h-iascairí ~~don~~ fear naomṫa

Sliocht as Bailiúchán na Scol, le Caoinchead Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Scéal a thaifead Donnchadh Ó Dochartaigh. Bhí Donnchadh ina dalta in An Cúil, Contae Dhún na nGall. Ba é Proinnsias Ó Gallchobhair an múinteoir. Le tuilleadh eolais a fháil, féach www.duchas.ie

# LEATHANACH 14:
# AG IMEACHT AS ÉIRINN LE DUL GO HOILEÁN Í

Dúirt mo sheanchara, Naomh Molaise, liom go gcaithfinn Éire a fhágáil. Dúirt sé nach mbeinn ábalta an tír seo a fheiceáil arís go dtí go dtiontóinn an méid daoine a maraíodh i gcath Chúl Dreimhne chun na Críostaíochta. Sin beagnach 3,000 baisteadh a bheadh orm a dhéanamh sula mbeinn ábalta Éire, grá mo chroí, a fheiceáil arís.



Leac na Cumha le cuasghreantaí a cruthaíodh idir 3,000 – 2,000 RCh.

Ghoill sé go mór orm mo mhuintir, mo chairde agus an iomad eaglais a fhágail i mo dhiaidh. Ar an oíche dheireanach, thug mé cuairt ar Leac na Cumha i Mín an Lábáin, Contae Dhún na nGall. Chaoin mé ansin agus d'iarr mé ar Dhia an chumha a thógáil díom.

An lá arna mhárach thug mé liom 12 manach, agus sheol muid i mbád beag suas Loch Feabhail. Chonaic mé mo mhuintir, mo chairde agus fiú amháin ainmhithe ag rith inár ndiaidh ag cur a mbeannachta linn.

Leac na cumha  a chiallaíonn Cloch na Cumha nó Cloch an Bhróin. Tá daoine ann a chreideann má luíonn imirceach ar Leac na Cumha an lá sula bhfágann sé Éire nach mbeidh cumha air san áit úr ina ndéanfaidh sé cónaí.





# LEATHANACH 15: AG TEACHT I DTÍR IN OILEÁN Í

I ndiaidh tinneas trom farraige a bheith orainn, tháinig muid i dtír ar oileán. Nuair a dhreap mé go barr an chnoic is airde ann, áfach, bhí Éire le feiceáil agam go fóill, agus mar sin de d'fhág muid agus chuaigh muid go hoileán eile darb ainm Oileán Í. Tháinig muid i dtír ansin ar Dhomhnach Cincíse (12 Bealtaine) AD 563 agus chuir muid tús le heaglais agus cealla.

Ina dhiaidh sin chaith mé roinnt blianta ag taisteal sna hoileáin a bhí ar na gaobhair agus Ríocht Dhál Riada in iarthar na hAlban ag tiontú págánach ina gCríostaithe.

Is í Cincís an lá ar thuirling an spiorad naomh ar dheascabail Íosa gur fhág sé ar a gcumas labhairt i dteangacha éagsúla.





# LEATHANACH 16: AG TIONTÚ CHRUITHNIGH NA hALBAN

I ndiaidh Críostaithe a dhéanamh do mhuintir iarthar na hAlban shiúil mé tríd an Ghleann Mhór go hoirthear na hAlban an áit a raibh cónaí ar na Cruithnigh, a bhí ina bpáganaigh.
Ar mo bhealach tháinig mé ar loch domhain darb ainm Loch Nis. Agus muid ag iarraidh dul trasna an locha, réab ollphéist mhór amach as an uisce agus thug iarraidh duine de mo chuid fear a ithe! Mar sin, ghearr mé comhartha na croise, agus sa ghuth is scáfaire atá agam, d'ordaigh mé don ollphéist IMEACHT, rud a rinne sí! Bhí an-dúil ag págánaigh na háite ionam mar gur shábháil mé iad ón ollphéist agus thiontaigh siad ina gCríostaithe.





Loch Nis, Albain.

Ina dhiaidh sin, chuaigh mé ar cuairt chuig Rí na gCruitneach, ach ní raibh seisean sásta mé a fheiceáil agus thug sé ar a chuid draoithe págánacha doirse a thí a dhruidim go daingean le draíocht. Ghearr mé comhartha na croise os comhair na ndoirse, agus d'oscail siad de phreab! Chuaigh sin i bhfeidhm ar an dream a bhí istigh agus shocraigh siad tiontú ina gCríostaithe fosta.


# LEATHANACH 17: AG FILLEADH GO HÉIRINN



D'ordaigh Aodhán Mac Gabhráin, Rí Dhál Riada, dom filleadh go hÉirinn le freastal ar chruinniú i nDroim Ceat, Contae Dhoire.

Bhí mé thar a bheith tógtha faoi bheith ag teacht chun an bhaile sa deireadh, ach go fóill ní raibh cead agam Éire a fheiceáil. Mar sin chuir me dallóg orm féin don turas iomlán.

Ag mórdháil Dhroim Ceat, shocraigh mé easaontas idir an tArdrí Aodh Mac Ainmire (mo chol ceathrair, fear a thug talamh dom le haghaidh m'eaglaise i nDoire) agus Rí Aodhán Dhál Riada. Leigheas mé daoine, agus níor lig mé don Ardrí Aodh na filí uilig a dhíbirt as Éirinn. Rinne mé sin uilig agus dallóg orm!




Bhí na filí i dtrioblóid leis an rí mar go raibh siad ag gearradh luachanna arda agus ag rá drochrudaí faoi féin agus faoi na taoisigh shaibhre eile.





# LEATHANACH 18: BÁS CHOLM CILLE

Chuaigh na blianta thart agus lean mé liom ag tiontú daoine chuig an Chríostaíocht agus ag tógáil eaglaisí. Lá amháin tháinig capall bán ionsorm agus chaoin sé i m'ucht. Thuig an capall go raibh mé sean agus fíorthuirseach ar fad.



Ar an 9 Meitheamh AD 597, thit mé i laige cóngarach don altóir s'agam in Oileán Í. Rith mo chairde a fhad liom agus arsa mise leo:

*Ardaígí mo lámh*
*Le go mbeannóidh mé mo chuid manach.*
*Níos airde arís le go mbeannóidh mé Talamh na hÉireann agus na daoine uilig ansin a bhfuil grá agam orthu,*
*Mo dhoireagán agus mo chuid páistí.*



B'fhéidir gur seo áit adhlactha Cholm Cille, Dún Pádraig, Co an Dúin.

Ar an drochuair, fuair mé bás agus mé 76 bliain d'aois, cé nach bhfuil mé cinnte cár cuireadh mé? Sílim gur Oileán Í a bhí ann, ach deir daoine eile gur tugadh go Dún Pádraig i gContae an Dúin mé agus gur adhlacadh mé in aice le naomhphátrúin eile na hÉireann, Bríd agus Pádraig.

I ndiaidh a bháis, rinneadh Sanctus (focal Laidine ar naomh) na gceanglóirí leabhar, na bhfilí, Dhoire agus na hÉireann de Cholm Cille!



# LEATHANACH 19: COLM CILLE I NDIAIDH A BHÁIS

I ndiaidh mo bháis, shiúil mo chuid manach Éire, Albain agus Tuaisceart Shasana ag craobhscaoileadh na Criostaíochta. D'inis siad do dhaoine faoi mo bheatha agus mo chuid eachtraí.

Scríobh mórán daoine ina dhiaidh sin fúm. Scríobh Naomh Adhamhnán (gaol eile de mo chuid) leabhar darb ainm Vita Columbae, sin an Laidin atá ar Bheatha Colmcille. Bhain an leabhar leis na tairngreachtaí agus na míorúiltí a rinne mé agus mé beo.

Abaí a bhíonn i mbun mainistreacha, rud beag cosúil le príomhoide scoile.



Beagnach míle bliain i ndiaidh mo bháis, fuair Manus Ó Dónaill, Taoiseach Thír Chonaill, 'Beatha Cholm Cille' scríofa fúm in 1532. Sin an leabhar is mó a bhfuil sonraí mo bheatha ann.



Bhí codanna de Dhoire agus Dún na nGall in am amháin i ríocht Thír Chonaill.

Bhí grá ag Manus agus a theaghlach domsa. Reáchtáil siad searmanais speisialta i gCill Mhic Réanáin an áit a raibh mé seal i mo chónaí agus ar iompair mé mo chóip den tsaltair ghoidte isteach sa chath. Tugadh an Cathach ar an leabhar.



Beannaíonn manach de chuid Cholm Cille Rí i dTobar an Dúin, Cill Mhic Réanáin.

# LEATHANACH 20: OIDHREACHT CHOLM CILLE

Go dtí an lá inniu tá oidhreacht iontach ag Colm Cille sa Bhreatain agus in Éirinn, feicfidh tú thíos cuid de na rudaí a bhfuil aithne ar Cholm Cille astu



# LEATHANACH 21: OIDHREACHT – LOGAINMNEACHA I NDOIRE AGUS I NDÚN NA NGALL

Baisteadh cuid mhór eaglaisí, scoileanna, ionaid phobail, páirceanna spóirt agus sráideanna as Colm Cille i gCo. Dhún na nGall agus i nDoire.

**Mar shampla:**



Tobar naofa ag Turas Cholm Cille, i gCo. Dhún na nGall.



*Páirc Cholm Cille i nDoire.*

**An dtig leat smaoineamh ar áiteanna eile a ainmníodh asamsa i do cheantar?**

# LEATHANACH 22: OIDHREACHT – LÁ FHÉILE CHOLM CILLE AGUS TURAS CHOLM CILLE




Gach bliain déantar m'fhéile a cheiliúradh ar an 9 Meitheamh (an lá a bhfuair mé bás).

Ar an lá sin deir daoine paidreacha liom, téann siad chuig eaglaisí darb ainm Naomh Colm Cille, téann siad go toibreacha naofa a bheannaigh mé agus téann siad ar thuras nó ar oilithreacht.

Is é is oilithreacht ann duine dul ar thuras fada chuig áit naofa.



Is iomaí slí oilithreachta ann tiomanta dom i nDoire agus i nDún na nGall, mar shampla, Slí Cholm Cille agus Turas Cholm Cille. Le linn oilithreachta, siúlann daoine go háiteanna darb ainm stáisiúin aithrí, a bhaineann liom. Ag na stáisiúin, déanann siad deasghnátha. B'fhéidir go bhfeicfeá duine ag siúl deiseal thart ar an stáisiún, nó go gcluinfeá duine ag rá paidreacha ag an stáisiún le linn oilithreachta.



Tobar an Dúin cóngarach don Tearmann, Co. Dhún na nGall



Turas Cholm Cille, Stáisiún 6, Co Dhún na nGall

Tá daoine ann a chaitheann duilleoga darach ar lá fhéile Cholm Clle, agus déanann daoine eile an turas costarnochta!



# LEATHANACH 23: OIDHREACHT – LÁ FHÉILE CHOLM CILLE AGUS TURAS CHOLM CILLE

Seo roinnt áiteanna spéisiúla a d'fheicfeá, b'fhéidir, má théann tú ar Shlí Cholm Cille nó ar Thuras Ghleann Cholm Cille idir 9 Meitheamh agus 15 Lúnasa.



Ionad Oidhreachta Ghartáin, Co. Dhún na nGall.



Ardeaglais Naomh Colm, Co. Dhoire.




Gleann Cholm Cille, stáisiún 2, Co. Dhún na nGall.


Seo thíos léarscáil de Thuras Cholm Cille, i nGleann Cholm Cille. Tig leat an turas a leanúint má thugann tú cuairt ar na stáisiúin éagsúla (tá uimhreacha leo ar an léarscáil). Tá 15 ann ar fad. Ná déan dearmad duilleog dharach a chaitheamh agus tú ag déanamh an turais le do theaghlach!



# LEATHANACH 24:
# ÉIRE I NDIAIDH CHOLM CILLE

| | |
|---|---|
| AD 520/521 | Tagann Colm Cille ar an tsaol i gContae Dhún na nGall. |
| AD 545 | Bunaíonn Colm Cille a chéad eaglais i nDoire. |
| AD 563 | Déanann Colm Cille cóip de leabhar Naomh Finnian.<br>Téann Colm Cille go hOileán Í', |
| AD 597 | Faigheann Colm Cille bás ar Oileán Í. |
| AD 795 | Déanann Lochlannaigh ionsaí ar Oileán Í. |
| AD 800 | Scríobhtar Leabhar Cheanannais. |
| AD 1169 | Déanann Normannaigh ionradh ar Éirinn. |
| AD 1607 | Imeacht na nIarlaí as Dún na nGall. |
| AD 1689 | Léigear Dhoire. |
| AD 1798 | Éirí Amach 1798. |
| AD 1845 | Tús an Ghorta Mhóir. |
| AD 1914 | Tús an Chéad Chogaidh Dhomhanda |
| AD 1916 | Éiri Amach na Cásca |
| AD 1921 | Deireadh le Cogadh na Saoirse |
| AD 2020/2021 | 1500ú Breithlá Cholm Cille |







# LEATHANACH 25: ÁISEANNA BREISE

| AINM | ÁBHAR | AINM AN NAISC NÓ AN TSUÍMH |
|---|---|---|
| **Colm Cille, a Bheatha agus a Oidhreacht** | Suíomh gréasáin idirghníomhach fíormhaith do dhaltaí áit a dtig leo amharc ar fhíseáin, ríomhleabhair a léamh agus níos mó a fhoghlaim faoi Cholm Cille, faoi mhainistreacha agus faoi Leabhar Cheanannais. | https://ccea.org.uk/colmcille/index.php |
| **Leabhar Cheanannais, Treoir do Mhúinteoirí Bunscoile** | Cuid mhór fíricí fánacha do dhaltaí ina bhfuil íomhánna agus gníomhaíochtaí iontacha faoi Cholm Cille agus Leabhar Cheanannais. | www.tcd.ie/visitors/assets/bok/education/book-of-kells-primary-teachers-guide_updated-07-09-20.pdf |
| **Léargas ar Cholm Cille. Oilithreacht dhaite** | Sárleabhar dathadóireachta faoi bheatha agus oidhreacht Cholm Cille. | https://www.donegalcoco.ie/culture/heritage/publications/ |
| **Ionad Oidhreachta Cholm Cille** | Físeán Youtube faoi Cholm Cille. | https://www.youtube.com/watch?v=sl8q8fHriMw |
| **Nerve Centre, Leabhar Cheanannais Digiteach** | Bailiúchán d'fhíseáin faoi Cholm Cille agus Leabhar Cheanannais a rinne daltaí i nDoire. | https://www.youtube.com/playlist?list=PLTvQgt-gMm8NlXdY8evnikL-rzRS6HLMMxq |
| **Cuir ceist faoi Éirinn** | Áis úsáideach do dhaltaí le tuilleadh a fhoghlaim faoi Cholm Cille agus topaicí eile oideachasúla. | http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/looking-at-places/donegal/people-in-history/saint-colmcille/ |

| AINM | ÁBHAR | AINM AN NAISC NÓ AN TSUÍMH |
|---|---|---|
| **Slí Cholmcille** | Áis iontach le tuilleadh a fháil amach faoi thaisteal agus faoi shuíomhanna oilithreachta Cholm Cille i nDoire, i nDún na nGall agus in Albain. | |
| **Iniúchadh ar Oidhreacht Cholm Cille** | Eolas spéisiúil faoi na háiteanna a bhfuil baint ag Colm Cille leo i nDoire agus i nDún na nGall | https://www.donegalcoco.ie/media/donegalcountyc/heritage/pdfs/AUDIT%20OF%20COLUMBAN%20HERITAGE%20mid%20res.pdf |
| **Bailiúchán na Scol** | Sárbhailiúchán de scéalta lámhscríofa agus de bhéaloideas a bhailigh daltaí bunscoile sna 1930idí. | https://www.duchas.ie/en/cbes |
| **Cartlann Chontae Dhún na nGall** | Áis úsáideach le haghaidh eolais faoi stair Dhún na nGall. | https://www.donegalcoco.ie/culture/archives/ |
| **Turas trína Cheantar Dúchais** | Tugann an treoir fuaime thú trí cheantar dúchais Cholm Cille. | https://www.abartaheritage.ie/archaeology-irish-history-audio-books/ |
| **Ionad Oidhreachta Cholm Cille** | Ionad oidhreachta ina n-insítear scéal Cholm Cille trí thaispeántais léirmhínitheacha, scannán closamhairc agus macasamhlacha. | Gartán<br>Mín an Lábáin<br>Leitir Ceanainn<br>Co. Dhún na nGall |



Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Colm Cille 1500 521 - 2021

DÚN NA nGALL
TÁ SÉ IN ÁR DNA

comhairle chontae na mí
*meath county council*

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

ABARTA HERITAGE